Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Márta 2019
(OR. en, de, cs)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0082(COD)**

**7607/19
ADD 1 REV 1**

**CODEC 693
AGRI 154
AGRILEG 60**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún**

Cuireann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i bhfios go bhfuil trédhearcacht na margaí talmhaíochta agus bia ríthábhachtach maidir le slabhra soláthair bia dea-fheidhmiúil a bheith ann, chun gur fearr an bunús a bheidh le roghanna oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis phoiblí agus gur fearr an tuiscint a bheidh ag oibreoirí ar fhorbairtí sa mhargadh. Moltar don Choimisiúin leanúint dá chuid oibre chun trédhearcacht na margaí a fheabhsú ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí air sin an obair ar fhaireachlanna margaidh an Aontais a neartú agus feabhas a chur ar bhailiú na sonraí staidrimh is gá chun anailís a dhéanamh ar shásraí socraithe praghsanna ar fud an tslabhra soláthair talmhaíochta agus bia.

## Ráiteas ón Danmhairg

Tacaíonn an Danmhairg leis an gcomhréiteach a baineadh amach i dtaca leis an treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála i slabhra an tsoláthair bia, agus na ceisteanna seo a leanas á gcur san áireamh.

Ar an gcéad dul síos, aithníonn an Danmhairg a thábhachtaí atá sé seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú. Sa Danmhairg, is trí leibhéal ard eagrúcháin na bhfeirmeoirí ina gcomharchumainn a áirítear sin go príomha. Dá bhrí sin, d'fhéach an Danmhairg, le linn na caibidlíochta, lena áirithiú go mbeidh an treoir ag luí le samhail an chomharchumainn. Is é an tuiscint atá ag an Danmhairg go dtugtar cosaint, leis an gcomhréiteach deireanach, don chomharchumann mar shamhail ós rud é go dtugtar aghaidh ar shainiúlachtaí na gcomharchumann i dtaca le spriocdhátaí íocaíochta agus conarthaí i scríbhinn.

Ar an dara dul síos, i ndáil le raon feidhme na treorach, thacaigh an Danmhairg go leanúnach leis an togra ón gCoimisiún lena ndéantar fiontair bheaga agus mheánmhéide a chosaint ó tharla go gcomhfhreagraíonn sé sin go dlúth do bhunús dlí na treorach sa Chonradh agus don chuspóir atá ann caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don lucht talmhaíochta.

Ar an tríú dul síos, agus cleachtais trádála éagóracha á gcomhrac, tá sé fíor-riachtanach nach gcuirfear oibriú an mhargaidh inmheánaigh i gcontúirt agus go leanfar le beartas talmhaíochta a dhíriú ar an margadh. Dá bhrí sin, leagann an Danmhairg béim ar a thábhachtaí atá sé go n-urramódh aon rialacha náisiúnta a théann thar a bhfuil sa treoir rialacha an mhargaidh inmheánaigh.

## Ráiteas comhpháirteach ón nGearmáin agus ó Lucsamburg

Tá talamh slán á dhéanamh de, ag an nGearmáin agus ag Lucsamburg, nach mbeidh aon chumhachtaí idirghabhála ag údaráis Ballstáit amháin ar chríoch Ballstáit eile mar gheall ar an dara habairt d'Airteagal 5(1).

**<u>Ráiteas ó Phoblacht na Seice</u>**

Mar chuid de chur chuige cuiditheach, tacaíonn Poblacht na Seice le téacs comhréitigh an togra le haghaidh Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair bia. **Feictear di fós, áfach, gur fabht sa togra é raon feidhme na Treorach, raon feidhme atá bunaithe ar 'samhail dhinimiciúil'** faoi Airteagal 1(2) den togra le haghaidh Treorach.

I mbarúil Phoblacht na Seice, ní rannchuidíonn raon feidhme na Treorach go mór le feabhas a chur ar fheidhmiú mhargadh inmheánach an Aontais. I measc nithe eile ní réitítear, leis an togra a tíolacadh, an tsaincheist maidir le hiomadú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, a leathnú críche, ná an t-idirnascadh nó na comhpháirtíochtaí idir oibreoirí eacnamaíocha. Maidir le cur chun feidhme praiticiúil an togra seo, ní féidir a ráthú, ach oiread, go ndéanfar prionsabal an tsimplithe a chomhlíonadh ná an t-ualach riaracháin a laghdú.

Bíonn éifeacht shlabhrúil ag cleachtais éagóracha trádála ó cheann ceann shlabhra an tsoláthair bia agus bíonn siad míchothrom gan beann ar mhéid an oibreora a ndéanann siad dochar dó. Bíonn tionchar diúltach acu ar an bhfostaíocht, agus is mar gheall orthu a thagann meath ar an iomaíochas, ar an infheistíocht agus ar an nuálaíocht.

I dtuairim Phoblacht na Seice, níl aon chúis gan an togra a mhéadú ionas go gclúdóidh sé gach ceannaitheoir. Is féidir leis an Treoir soláthróirí a chosaint gan an bunús dlí a athrú (Airteagal 43(2) CFAE). Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach sainmhínítear, sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an cineál eintitis is féidir a rialáil faoi fhorálacha CBT sa Chonradh sin. Go deimhin, dá n-eisiafaí eintitis nach fiontair bheaga agus mheánmhéide iad, sharófaí an toirmeasc ar idirdhealú faoi Airteagal 40(2) CFAE lena gcuirtear cosc ar an gcóir éagothrom i dtaca le táirgeoirí arb ionann cás dóibh.

Léirítear i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh freisin go bhféadfaí, le bearta talmhaíochta a bhfuil de chuspóir sonrach acu caighdeán maireachtála an phobail talmhaíochta a chosaint, amhail an togra reatha maidir le cleachtais éagóracha trádála, eintitis nach gnóthais bheaga agus mheánmhéide a rialáil freisin (breithiúnas an 23 Márta 2006, C-535/03, *Unitymark and North Sea Fishermen's Organisation,* breithiúnas an 13 Samhain 1990, C-331/88*, Fedesa and others*). Ar an ábhar sin, dá leathnófaí an raon feidhme ionas go gclúdófaí soláthróirí móra, d'áiritheofaí go leanfaí, mar thosaíocht, de chosaint a thabhairt do na táirgeoirí talmhaíochta go léir.

**Bíonn cleachtais éagóracha trádála míchothrom gan beann ar mhéid an tsoláthróra nó an cheannaitheora a ndéanann siad dochar dó. Ar mhaithe le biashlabhra inbhuanaithe dea-fheidhmiúil, ba cheart don Treoir gach soláthróir a chosaint ar gach ceannaitheoir, gan beann ar mhéid a láimhdeachais.** Ní bheidh slabhra soláthair bia an Aontais cothrom do sholáthróirí agus do cheannaitheoirí go dtí go ndéanfar sin. Dá réir sin, iarrann Poblacht na Seice ar an gCoimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú praiticiúil na Treorach seo atá á beartú agus, i gcás inarb iomchuí, a mholadh go ndéanfaí raon feidhme na Treorach a leathnú ionas go gclúdófaí gach eintiteas.